An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
Department of Public Expenditure and Reform

# An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú: Iarscríbhinn ar an gCothromaíocht Inscne, ar an Éagsúlacht agus ar an Ioncuimsiú

Meán Fómhair 2020

# Cuid 1. Réamhrá

## 1.1 CÚLRA

Sa bhliain 2011, thug an Rialtas socruithe nua isteach chun an oscailteacht agus an trédhearcacht a mhéadú maidir leis an tslí a roghnaítear daoine a cheaptar ar na Boird Stáit. Faoi na socruithe seo beidh léiriú spéise á lorg nuair atá folúntas ar Bhord na n-eagraíochta Stáit le líonadh, agus don fholúntas a bheith fógartha ar shuíomh gréasáin na Ranna ábhartha nó tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS).

Ag cur leis an tionscnamh sin, sa bhliain 2014 rinne an Rialtas cinneadh gur cheart don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe treoirlínte a ullmhú agus na riachtanais a bhaineann le gach uile cheapachán ar Bhord Stáit a leagadh amach. Tugann na treoirlínte seo an sprioc atá fadbhunaithe chun ionadaíocht 40% a bhaint amach do mhná agus d'fhir ar Bhoird Stáit le chéile. Léirítear an sprioc seo sa Straitéis Náisiúnta um Mná agus Cailíní 2017-2020 freisin (bearta 4.7 agus 4.8).

Ó thaobh dlús a chur leis an dul chun cinn chun an sprioc seo a bhaint amach, maidir leis na Boird Stáit go léir, d'aontaigh an Rialtas ag an gcruinniú a bhí acu ar an 11 Nollaig 2018 go dtionólfar cruinniú de chuid an Ghrúpa Idir-Rannach ar Chothromaíocht Inscne ar Bhoird Stáit chun na chleachtais is fearr maidir leis an gCothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Chuimsiú ar Bhoird Stáit a bhfeadfaidh an Rialtas a chur i bhfeidhm a aithint agus a thuairisciú faoi dheireadh mhí an Mhárta 2019. Cheadaigh an Rialtas moltaí an Ghrúpa Idir-Rannach ina dhiaidh sin, leis na mionsonraithe léirithe thíos; agus Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCód Cleachtais chun na n-eagraíochta Stáit a Rialú (ó 2016) leis na moltaí ábhartha i bhfeidhm.

## 1.2 Moltaí an Ghrúpa Idir-Rannach

Tionóladh an Grúpa Idir-Rannach (IDG) um an gCothromaíocht Inscne ar Bhoird Stáit, faoi chathaoirleacht na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais, agus a bhfuil ionadaithe ó raon Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais ina gcomhaltaí air, i mí Feabhra 2019, agus rinne tuairisc de i Mí an Mhárta 2019. Rinneadh suntas i dtuarascáil an IDG don dul chun cinn atá déanta go dtí seo i dtreo an cothromaíocht inscne a bhaint amach ar Bhoird Stáit agus bhí sraith moltaí ina dtaca sin curtha leis. Cheadaigh an Rialtas moltaí an IDG ar an 8 Márta 2019.

Leagtar amach, i **gCuid 2** den Iarscríbhinn seo, an ról atá ag an éagsúlacht agus an ionchuimsiú sa rialachas corparáideach.

Leagtar amach, i **gCuid 3** den Iarscríbhinn seo, na forálacha nuashonraithe atá curtha leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 chun moltaí an Ghrúpa Idir-Rannach maidir leis an gCothromaíocht Inscne ar Bhoird Stáit a chur san áireamh.

## Cuid 2. An Ról atá ag an Éagsúlacht agus an Ionchuimsiú sa Rialachas Corparáideach

Cinntíonn dea-corparáideach rialachas an rath inbhuanaithe fadtéarmach in sna Comhlachtaí Stáit. Tá sé riachtanach go n-oibríonn na baill feidhmiúcháin agus neamhfheidhmiúcháin atá ar an mBord a ndícheall chun cinntiú go seachadann siad do gach páirtithe leasmhara go léir, leis an Rialtas mar scairshealbhóir agus maoinitheoir, an saoránach agus fostaithe san áireamh.

Is éard atá i gceist leis an dea-corparáideach rialachas ná go n-aithnítear luach na difríochta agus go mbítear feasach ar na buntáistí ó thaobh an chlú, eacnamaíocht agus sochaíoch a eascraíonn de bharr na Boird éifeachtach agus éagsúlacht a bheith ann.

Tá sé mar choinníoll lárnach den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016:

> **Ba chóir go mbeidh ceapacháin ar Bhoird Stáit déanta de réir critéar oibiachtúil agus aird chuí á tabhairt ar buntáistí na héagsúlachtaí atá i gceist atá ar an mBord.**
>
> **Ba chóir go dtugann Chathaoirligh Bhoird, agus iad ag cabhrú leis an Roinn chun an sonraíocht a chruthú i gcóir ceapachán ar an mBord , aird chuí a thabhairt ar na buntáistí a bhaineann le Bord atá éagsúil agus atá cothrom ó thaobh inscne de.**
>
> **Ba cheart do Chathaoirligh aird a choimeád ar na Boird sin a bhfuil faoi ghannionadaíocht ó thaobh ionadaíocht mná nó fir agus ba cheart dóibh iarracht ghníomhach a dhéanamh chun iarrthóirí den inscne faoi ghannionadaíocht a cheapadh ó ghearrliosta na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí nuair is féidir.**

Is é ag feidhmiú , in ainneoin na buntáistí rialachais aitheanta a bhaineann leis an éagsúlacht agus an cuimsiú, is dúshlán leanúnacha i gcónaí é an éagsúlacht sin a bhaint amach ar leibhéal an Bhoird i go leor eagraíochtaí le Comhlachtaí Stáit san áireamh.

Ar aon dul leis na heagraíochtaí san earnáil phríobháideach, caithfidh na comhlachtaí stáit aghaidh a thabhairt ar easnaimh sa chultúir, forbairt daoine, roghnúcháin agus próisis ardú céime chun timpeallacht cumasúcháin a chruthú do rannpháirtíocht mná ag na leibhéil is airde, ar Bhoird Stáit agus i bpoist cheannaireachta feidhmiúcháin i gcomhlachtaí Stáit chomh maith. Caithfidh chomhlachtaí stáit aitheantas a thabhairt ar an líon suntasach de mhná cáilithe agus tá taithí acu ar an mbord cheana féin, ach is rómhinic a dhéantar dearmad orthu nuair a dhéantar ceapacháin phríomhúla.

Leis é seo san áireamh, tá moltaí tugtha san Tuarascáil don Ghrúpa Idir-Rannach ar Chothromaíocht Inscne ar Bhoird Stáit atá á gcur i bhfeidhm anois sa Chód Cleachtais Chun Comhlachtaí Stáit a Rialú tríd an Iarscríbhinn seo ar Chothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Cuimsiú.

Iarrtar ar chomhlachtaí stáit creat a chur faoin dul chun cinn atá déanta go dtí seo maidir leis an gceannaireacht cothromaithe inscne agus aitheantas a thabhairt don fhreagracht atá acu an dul chun cinn a luathú i gcoinne na spriocanna atá leagtha síos ag an Rialtas maidir leis an éagsúlacht agus an chothromaíocht inscne ar Bhoird Stáit san áireamh. Anuas air sin, buníonn Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, dualgas dearfach ar chomhlachtaí san earnáil phoiblí deireadh a chur leis an idirdhealú, cearta an duine a chosaint agus comhionannas deiseanna a gcuid fostaithe, custaiméirí, úsáideoirí seirbhíse, agus cearta gach duine a théann a gcuid beartas agus pleananna i bhfeidhm orthu, a chur chun cinn.

Is am maith é do chomhlachtaí Stáit úinéireacht a ghlacadh ar an gceist seo agus a bheith chun tosaigh chun dul chun cinn a dhéanamh ar Bhoird agus ag leibhéal an fheidhmeannaigh shinsearaigh chun bearta a chur i bhfeidhm atá dírithe ar dul chun cinn a chur ar aghaidh i dtreo ionadaíocht 40% mná agus fir ar gach uile Bhord Stáit a bhaint amach. D'fhéadfadh na bearta teagmháil le comhlachtaí ainmniúcháin seachtracha agus ardú feasachta i measc grúpaí incháilithe de mhná agus d'fhir araon.

Ní méadrachtaí eacnamaíochta atá i gceist leis na príomh-mhéadrachtaí feidhmíochta do chomhlachtaí Stáit, tá méadrachtaí i leith an chultúir, na héagsúlachta agus an ionchuimsithe chomh maith, agus méadrachtaí, leis, a bhaineann le folláine na ndaoine atá fostaithe, chun níos mó rannpháirtíochta a chothú i measc na foirne agus na ngeallsealbhóirí agus ag baint amach torthaí feabhsaithe dá réir sin don saoránach agus don phobal. Mar thoradh ar mhná agus fir a bheith ag obair agus ag rialú le chéile ar bhonn cothrom, baintear amach torthaí lena soláthraítear buntáistí dearfacha don Rialtas agus don tsochaí.

## An Cultúr

> **Is féidir an cultúr a shainmhíniú mar mheascán de na luachanna, na dearcaí agus na hiompraíochtaí atá ag an gcomhlacht a bhaineann lena hoibríochtaí cuideachta agus an caidreamh atá acu lena cuid geallsealbhóirí.[1]**

Le cultúr éifeachtach, cuirtear le cuspóir agus caighdeáin chomhroinnte dála na gairmiúlachta, na macántachta, an ionracais agus na cuntasachta chun torthaí cothromaithe a sholáthar ina bhfuil an saoránach curtha i gcroílár na cinnteoireachta. Léirítear tiomantas do luachanna ardfheidhmíochta agus do luachanna na seirbhíse poiblí in eagraíochtaí a bhfuil cultúr éifeachtach agus uilechuimsitheach iontu.

Is féidir leis an riosca clú tarlú mar gheall ar an iompar míchuí, mí-eiticiúil nó neamhdhleathach a bheith glactha leis i gcomhlacht Stáit, mar eagraíocht nó ar leibhéal na bhfostaithe. Ba chóir go mbeadh caighdeáin agus noirm theagaisc, dála na cothromaíochta, an mheas, an ionracais agus na macántachta, taobh thiar den chultúr, agus ba cheart dó sin bheith curtha chun cinn ón mbarr anuas agus a bheith le feiceáil ar fud na heagraíochta.

Ní leor gan ach na rialacha a chomhlíonadh, agus sin an méid, i ngach gné den chultúr. Ionas go mbeidh an cultúr éifeachtach, caithfidh sé cloí le spiorad an dea-rialachais chorparáidigh mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais Chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 agus sna cóid iompair éagsúla nach mór do na comhlachtaí Stáit éagsúla cloí leo.

Leis an gcothromaíocht inscne ar Bhoird Stáit, cuirtear leis an rochtain atá ag an gcomhlacht Stáit sin ar raon níos leithne eispéiris, meon aigne agus scileanna. Cuireann sé sin go mór le neamhspleáchas an Bhoird agus laghdaíonn sé an dóchúlacht go ndéanfar droch-chinntí, gan dóthain díospóireachta a bheith déanta ina leith, ag tarlú ann.

I measc tairbhí ó Bhoird a bheith éagsúil, áirítear iompraíochtaí rialachais chorparáidigh níos éifeachtaí. Nuair atá Bord cothrom agus éagsúil, bíonn sé i riocht níos fearr chun aird chuí a thabhairt ar réimsí dála na bainistíochta riosca agus rialuithe inmheánacha, na bainistíochta acmhainní daonna agus fholláine na foirne. Is féidir athruithe dearfacha a bheith déanta maidir le hiompar gach uile bhall

[1] An Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais "Corporate Culture and the Role of Boards", Iúil 2016

den Bhord mar thoradh ar níos mó éagsúlacht a bheith curtha leis an taithí atá le fáil i measc bhaill an Bhoird.[2]

[2] Kim, D., & Starks, L. T. (2016). Gender diversity on corporate boards: Do women contribute unique skills? American Economic Review, 106(5), 267-71.

# Cuid 3. Nuashonraithe den Ceanglais atá ar Chomhlachtaí Stáit

Chun na moltaí atá i dTuarascáil an IDG a chur i bhfeidhm, tá athruithe sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, leasaithe, mar atá leagtha amach thíos. Mar achoimre, tá foráil 4.5 den Chód a dhéileálann le Téarmaí Ceapacháin tar éis a bheith leasaithe go substaintiúil; tá forálacha 2.6, 4.4 agus 4.6 den Chód a dhéileálann le riachtanais tuairiscithe éagsúla tar éis a bheith leasaithe ionas go n-áirítear iontu riachtanais bhreise tuairiscithe; agus tá foráil nua (4.10) curtha isteach sa Chód ionas go ndéanann gach Bord Stáit tuairiscí ar an dul chun cinn atá déanta aige maidir leis an gcomhionannas, an éagsúlacht agus an t-ionchuimsiú a chur chun cinn uair sa bhliain.

## 3.1 Nuashonraithe den Foráil Chód

| An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 | Foráil sa Chód, Iarscríbhinn 2020 |
|---|---|
| **Ceapacháin ar Bhoird Stáit - Téarmaí Agus Coinníollacha** | |
| **Foráil 4.5 sa Chód: Téarmaí Ceapacháin** | **Foráil 4.5 sa Chód arna Leasú: Téarmaí Ceapacháin** |
| De réir an dea-cleachtais rialachais chorparáidigh, moltar nár cheart d'aon bhall de chuid Bhord Stáit níos mó ná dhá théarma ceapacháin iomlána a sheirbheáil ar an mBord sin, nó ceapacháin a bheith aige ar níos mó ná dhá Bhord Stáit ag an am céanna, ach amháin sa chás go bhfuil na forálacha reachtúla sonracha ann a bhaineann leis an gcomhlacht Stáit áirithe lena gceadaítear do thréimhse seirbhíse dá leithéid. | De réir an dea-chleachtais rialachais chorparáidigh, moltar nár cheart d'aon bhall de chuid Bhord Stáit níos mó ná dhá théarma ceapacháin iomlána a sheirbheáil ar an mBord sin, nó ceapacháin a bheith aige ar níos mó ná dhá Bhord Stáit ag an am céanna, ach amháin sa chás go bhfuil na forálacha reachtúla sonracha ann a bhaineann leis an gcomhlacht Stáit áirithe lena gceadaítear do thréimhse seirbhíse dá leithéid. |
| Sa chomhthéacs seo, meastar gur ionann téarma iomlán agus téarma cúig bliana. Moltar go ndéanfaí an chéad cheapachán ar feadh tréimhse cúig bliana, agus go mbeifear in ann é sin a athnuachan ar feadh tréimhse suas le cúig bliana, go dtí tréimhse deich mbliana, ar a mhéad. | **Ba cheart go n-athródh an Bhord Stáit nó, más gá, an Roinn Rialtais ábhartha téarmaí cheapacháin an Bhoird go tréimhse a mhaireann idir trí agus cúig bliana. Féadfar tréimhse cheapacháin a athnuachan ar feadh tréimhse eile, suas go dtí ocht mbliana ar a mhéad.** |
| Sa chás go ndéantar an cinneadh, go heisceachtúil, gur cheart do bhall Boird téarma | Sa chás go ndéantar an cinneadh, go heisceachtúil, gur cheart do bhall Boird téarma breise Boird a sheirbheáil, **nó go sárófar ocht** |

| | |
|---|---|
| breise Boird a sheirbheáil, teastaíonn cead ón Aire. | **mbliana tréimhse iomlán ceapacháin ar leith mar gheall ar athnuachán,** teastaíonn cead ón Aire.<br><br>**Mar sin féin, ní mór do na forálacha uile thuasluaite teacht slán le reachtaíocht bhunaithe an Chomhlachta, más ábhartha.** |

## 3.2 Forálacha Breise den Chód

| An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 | Foráil Bhreise sa Chód, 2020 |
|---|---|
| **Riachtanais Tuairiscithe** | |
| **Foráil 2.6 sa Chód: Tuarascáil Chuimsitheach don Aire**<br><br>Ba cheart do Chathaoirleach do gach comhlacht Stáit tuarascáil chuimsitheach a chur faoi bhráid an Aire chuí agus, nuair is iomchuí, do NewERA20 in éineacht le tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais an chomhlacht Stáit. (Féach ar mhír 1.9 - Riachtanais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais) | **Breiseanna le Foráil 2.6 sa Chód: Tuarascáil Chuimsitheach don Aire**<br><br>*[Tá an téacs a bhí ann cheana féin le haghaidh Foráil 2.6 den Chód fós slán gan leasú, ach amháin go bhfuil an téacs ag seo a leanas curtha leis.]*<br><br>Ba cheart na sonraí seo a leanas a bheith sa tuarascáil chuimsitheach arna heisiúint chuig an Aire ábhartha a bhfuil an comhlacht Stáit faoina choimirce:<br>a) An chothromaíocht inscne maidir leis na ceapacháin a rinneadh ar an mBord Stáit i gceist an bhliain roimhe sin<br>b) Staid reatha an Bhoird maidir leis an riachtanas cothromaíochta inscne 40% a bheith ann<br>c) Na príomhghnéithe den chur chuige atá ag an mBord i leith na héagsúlachta agus an ionchuimsithe a chur chun cinn agus an dul chun cinn atá déanta sa réimse sin (féach cuid 4.10), lena n-áirítear an cur chuige atá á leanúint chun an chothromaíocht inscne agus an éagsúlacht a chur chun cinn i mballraíocht an Bhoird; |

| | |
|---|---|
| | d) I gcás Bord Stáit a leanann le gan aon fir nó gan aon mhná air i gcónaí, na bearta atá á nglacadh chun aghaidh a thabhairt go práinneach ar staid na cúrsaí sin agus chun cothromaíocht inscne níos fearr a chur chun cinn.<br><br>**(Féach Sampla Léaráideach in Aguisín 1)** |
| **Ceapacháin ar Bhoird Stáit - An Éagsúlacht agus an tIonchuimsiú** | |
| **Foráil 4.4 sa Chód: An Éagsúlacht**<br><br>Ba chóir go mbeidh ceapacháin ar Bhoird Stáit déanta de réir critéar oibiachtúil agus aird chuí á tabhairt ar buntáistí na héagsúlachtaí atá i gceist atá ar an mBord. Ba chóir go dtugann Chathaoirleach an Bhoird, agus iad ag cabhrú leis an Roinn chun an sonraíocht a chruthú i gcóir ceapachán ar an mBord, aird chuí a thabhairt ar na buntáistí a bhaineann le Bord atá éagsúil agus atá cothrom ó thaobh inscne de.<br><br>Ba cheart do Chathaoirligh aird a choimeád ar na Boird sin a bhfuil faoi ghannionadaíocht ó thaobh ionadaíocht mná nó fir agus ba cheart dóibh iarracht ghníomhach a dhéanamh chun iarrthóirí den inscne faoi ghannionadaíocht a cheapadh ó ghearrliosta na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí nuair is féidir.<br><br>. | **Breiseanna le Foráil 4.4 sa Chód: An Éagsúlacht**<br><br>*[Tá an téacs atá ann cheana féin le haghaidh Foráil 4.4 den Chód fós slán gan leasú, ach amháin go bhfuil an téacs seo a leanas curtha leis.]*<br><br>Ba cheart béim a leagtha ar chomhdhéanamh inscne reatha an Bhord nuair atáthar ag cur aighneachtaí faoi bhráid an Aire maidir le ceapacháin agus athcheapacháin ar an mBord.<br><br>Nuair atá an Cathaoirleach ag scríobh chuig an Aire maidir le ceapacháin agus athcheapacháin ar an mBord, ba cheart don Chathaoirleach aird a thabhairt ar an gcothromaíocht inscne reatha ar an mBord.<br><br>**(Féach ar an Sampla Léaráideach in Aguisín 2)** |
| **An Rialachas agus an Cultúr** | |
| **Foráil 4.6 sa Chód: An Athbhreithniú ar Fheidhmíocht**<br><br>Cuimsíonn monatóireacht ar rialachas corparáideach éifeachtach ag an mBord athbhreithniú leanúnach ar struchtúr inmheánach an comhlacht Stáit chun a chinntiú go bhfuil línte soiléire cuntasachta ann don bhainistíocht ar fud na heagraíochta. De bhreis ar a cheangal go ndéanfar monatóireacht agus nochtadh ar chleachtais rialachais chorparáidigh ar bhonn rialta, ba | **Breiseanna le Foráil 4.6 sa Chód: An Athbhreithniú ar Fheidhmíocht**<br><br>*[Tá an téacs a atá ann cheana féin le haghaidh Foráil 4.6 den Chód fós ann gan leasaithe, ach amháin go bhfuil an téacs seo a leanas curtha leis.]*<br><br>Ba cheart go gcuimseofar le próiseas meastóireachta an Bhoird an anailís mhionsonraithe ar an meascán inscne, éagsúlachta agus scileanna atá le fáil ar an |

| | |
|---|---|
| cheart don Bhord meastóireacht féinmheasúnaithe bhliantúil a dhéanamh ar a fheidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht a choistí. Ba cheart meastóireacht sheachtrach a dhéanamh atá comhréireach le méid agus riachtanais an chomhlacht Stáit gach 3 bliana, ar a laghad. | mBord, lena n-áirítear, más ábhartha, an measúnú criticiúil ar na cúiseanna nár baineadh amach cothromaíocht inscne i mballraíocht an Bhoird go fóill.<br><br>Is féidir an tsamhail Ceistneoir Féinmheasúnaithe Boird a fháil ar https://govacc.per.gov.ie/wp-content/uploads/Board-Self-assessment-Evaluation-Questionnaire.pdf<br><br>**(Féach ar an Sampla Léaráideach in Aguisín 3)** |
| | **An Fhoráil Nua 4.10 sa Chód: An Éagsúlacht agus an t-Ionchuimsiú a Chur Chun Cinn**<br><br>Ba cheart don tuarascáil bhliantúil cuntas a thabhairt ar an gcur chuige lena bhfuiltear ag glacadh chun an éagsúlacht agus t-ionchuimsiú a chur chun cinn, lena n-áirítear an cur chuige i leith na hinscne, i gcomhthéacs sonrach na heagraíochta; agus ar an dul chun cinn agus na torthaí atá bainte amach ina leith sin. |

# Aguisín 1: Ráiteas eiseamláireach do Ráisteas Bliantúil an Bord Stáit

*Féach Foráil 2.6 sa Chód:*

### An Chothromaíocht Inscne agus Comhaltaí an Bhoird

Amhail an 31 Nollaig, ba mhná iad [líon] (...)% de na comhaltaí agus fir iad [líon] (...)% díobh, agus [líon] folúntais ann.

Mar sin [comhlíonann] [ní chomhlíonann] an Bord an sprioc atá leagtha amach ag an Rialtas maidir le go léireofar ionadaíocht 40% ar a laghad den dá inscne i gcomhaltaí Bord Stáit.

Is chun [an chothromaíocht inscne a chothabháil agus chun í a thacú] [aghaidh a thabhairt ar an gcothromaíocht inscne agus chun í a fheabhsú] ar an mBord seo atá na bearta ag seo a leanas dréachta chun:

- Sonraí faoi na bearta atá beartaithe, m.sh. plean chun fad théarma an Bhoird a leasú go téarma 3 bliana

# Aguisín 2: Ráiteas Comhairleach Eiseamláireach

*Féach Foráil 4.4 sa Chód:*

**Ráiteas comhairleach eiseamláireach d'aighneachtaí d'Airí chuig ceapacháin/athcheapacháin ar Bhoird**

Tarraingítear aird an Aire ar an sprioc atá ag an Rialtas ionadaíocht 40% den dá inscne a bhaint amach ar gach uile Bhord Stáit.

Faoi láthair, tá [líon] mná agus [líon] fir ina gcomhaltaí Boird, agus [líon] folúntas ar [ainm an Bhoird].

Chun an sprioc maidir leis an gcothromaíocht inscne a bhaint amach, bheadh gá ann Bord [ainm], a bhfuil [x] comhaltaí Boird air, ar a laghad [x] fir agus [x] mná a bheith air.

# Aguisín 3: Ceistneoir Féinmheasúnaithe an Bhoird

***Féach Foráil 4.6 sa Chód:***

Caithfidh na ceisteanna seo a leanas a bheidh san áireamh insan Ceisteoir Mheastóireacht Feidhmíochta an Bhoird faoin Mheastóireacht Feidhmíochta:

1. An bhfuil tú sásta, i bhfianaise an chothromaíocht inscne atá ar an mBord faoi láthair, go bhfuil an Bord ag tabhairt aird chuí ar an gceanglas chun an chothromaíocht inscne a bhaint amach maidir le ballraíocht an Bhoird?
2. An bhfuil tú sásta go bhfuil luach leordhóthanach na héagsúlacht le fáil sna comhaltaí (m.sh., pearsantacht, stíleanna foghlama, agus eispéiris saoil) agus an éagsúlacht ghrúpa/shóisialta (m.sh., eitneachas, aicme shóisialta, inscne, claonadh gnéasach, míchumas, daoine den Lucht Siúil, stádas teaghlaigh, cleamhnachtaí cultúrtha, polaitiúla, creidimh nó eile) chun caighdeán na hoibre agus na cinnteoireachta a dhéantar ar an mBord a fheabhsú?
3. An bhfuil athruithe straitéiseacha, beartais agus oibríochta ar leith ann ba cheart a mheas chun aghaidh a thabhairt ar aon easnaimh atá ann maidir leis an soláthar don chothromaíocht inscne agus chun aitheantas a thabhairt do luach na héagsúlachta maidir le ballraíocht an Bhoird?